

✿ An Lúibín ✿

24 Nollaig 2012

An Ghaeilge san Astráil faoi láthair: athbhreithniú

De réir dhaonáireamh Astrálach na bliana 2011, bhí Gaeilge á labhairt mar theanga theaghlaigh ag 1,895 duine.¹ Má chuirtear san áireamh na Gaeilgeoirí eile a úsáideann í lasmuigh den bhaile, b'fhéidir go mbeadh 3,000 duine ina n-ionláine a bhfuil Gaeilge measartha maith acu. (B'fhéidir go mbeadh níos mó ann, ach ná téimis thar fóir.) Tá formhór mór na ndaoine seo le fáil in Sydney agus in Melbourne, agus an tuilleach scaipthe tríd an ilchríoch (Adelaide, Perth, etc.); ar éigean atá siad le fáil sa Tasmáin.

Mar chomparáid, bhí 1,429 duine ag labhairt Breatnaise sa bhaile ag an am. Sa dá chás, níos lú ná 0.1% den daonra a bhí i gceist.

De réir an daonáirimh rugadh 67,318 Astrálach in Éirinn (0.3% den phobal) agus méid éigin Gaeilge, is dócha, ag an gcuid is mó acu; ach níl i gceist anseo ach an chuid is líofa, in éineacht le Gaeilgeoirí a rugadh san Astráil. D'ainneoin laige an gheilleagair in Éirinn, níl an oiread sin Éireannach ag teacht chun cónaithe anseo; scéal eile is ea an méid a thagann ina dturasóirí mála droma, ach is beag duine acu siúd a shocraíonn ar fhanacht. 1,163 Éireannach a chuir fúthu go buan anseo sa tréimhse 2006-7 agus 1,530 sa tréimhse 2008-9, agus ní dócha go mbeadh méadú mór ar an lín sin sa tréimhse 2010-11. An Bhreatain, Meiriceá Thuaidh agus an Eoraip is mó is rogha leis na hÉireannaigh mar áiteanna cónaithe.²

Bheadh scata beag cainteoirí líofa, b'fhéidir, i measc na nÉireannach a chuir fúthu anseo sa tréimhse atá anois ann. Anois agus arís thiocfá trasna ar dhaoine ar mhaith leo an Ghaeilge a d'fhoghlaim siad ar scoil a fheabhsú. D'fhéadfá a rá go bhfuil tábhacht ar leith leis na hAstrálaigh féin i dtaca le cothú na teanga anseo, cuid acu á foghlaim uathu féin, cuid ag freastal ar ranganna agus ar dhaonscoileanna, corrduine ag baint tairbhe as cúrsaí thar lear.

Tá rudaí a chabhródh le treisiú na teanga. Níl sí á múineadh ach in aon ollscoil amháin faoi láthair – Ollscoil Sydney. Ba chóir í a chur á múineadh in Ollscoil Melbourne, áit a bhfuil fáil ar acmhainní Gaeilge a mheallann scoláirí agus ollúnacht Léinn Éireannaigh cheana ann. (Ag Elizabeth Malcolm, scoláire nótáilte, a bhí an chathaoir sin; tá sí dulta ar scor agus ní fios fós cé thiocfaidh ina háit.) Ba cheart deis chomhrá lasmuigh de na ranganna a thabhairt do dhaoine a bhfuil bunús na teanga acu. Ba chóir, fiú, an teanga á múineadh arís sna scoileanna mar a rinneadh in Melbourne na blianta fada ó shin; ach b'éisgean é a dhéanamh de réir phrionsabal an tumoideachais (rud atá bunoscionn le gnáthchleachtadh na scoileanna).

Rud eile atá ag teastáil freisin - an focal scríofa: iriseoireacht, fiscean, tráchtairreacht. Má tá an Ghaeilge le bun a chur uirthi féin san Astráil ní mór an scríbhneoireacht a shaothrú, rud atá ar siúl cheana, a bheag nó a mhór. Ba bhreá linn duine ní dhó eile a fheiceáil i mbun na hoibre, anois ní i gceann deich mblíana.



¹ Féach na figiúirí ag www.sbs.com.au/news/census, faoi 'All other languages' (Irish). Is fusa teacht ar an eolas anseo ná ar shuíomh an Australian Bureau of Statistics (ABS).

² Féach Trish O'Connor, 'Recent Irish migration to Australia: Something new or déjà vu?' in *Tinteán*, No. 20, June 2012: http://tinteannmagazine.files.wordpress.com/2012/08/tinteán_201220_lrn.pdf.

Protastúnaigh agus an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann

Tá grúpa pobail ag brath ar naíscoil nó bunscoil lán-Ghaeilge a chur ar bun i gceantar Dílseachta in oirtheor Bhéal Feirste agus iad ag iarraidh maoiniú ar an Rialtas chuige.³ Tá baint ag Linda Ervine, Oifigeach Gaeilge le Misearn Bhéal Feirste Thoir ar Bhóthar Bhaile Nua na hArda, leis an obair, agus chuaigh sí chun cainte le scoileanna Protastúnacha agus le heaglaisí sa cheantar. Bhí suim acu sa ghnó ach bhí eagla orthu go mbeadh doicheall ar thuismitheoirí agus ar phobal na n-eaglaisí roimh an teanga. Mar sin féin, tá a lán Protastúnach ann a bhfuil flosc orthu chun an teanga a fhoghlaim.

Aisteach le rá, tá a leithéidí siúd ann le fada an lá – ó thús na nóchaidí ar a laghad. Thug Gordon McCoy léargas ar an scéal sa bhliain 1997 i gcaibidil de *The Irish Language in Northern Ireland*⁴ - caibidil a ndúirt leasmheastóir amháin fúithi go raibh sí 'highly contentious'.

Chuir McCoy agallamh ar 81 Protastúnach a bhí ag foghlaim Gaeilge i dTuaisceart Éireann, agus rinneadh an chuid is mó den obair idir na blianta 1992 agus 1994. Bhí fonn ar chuid acu Éire a aontú agus fonn ar chuid eile cloí leis an mBreatain. Cé gur thaispeáin suirbhé sa bhliain 1996 nach raibh dúil in Éirinn aontaithe ach ag 6% de Phrotastúnaigh, dúirt 33% de na daoine sa staidéar seo gur náisiúnaithe iad.

Bhí baint chomh dlúth sin ag an nGaeilge leis an náisiúnaithe Protastúnacha nár thuig siad conas ab fhéidir Gaeilge a fhoghlaim agus fanacht dílis don Chorón. Fágann sin a lán foghlaimeoirí Protastúnacha eile arbh Aontachtaithe iad; agus deir McCoy gur mhinic a leithéidí idir dhá chomhairle faoin teanga – scéal ab fhéidir a réiteach le féiniúlacht chultúrtha a nasc an tÉireannachas agus an Briotanachas le chéile. Déantar rud an-áitiúil den teanga sa chás sin – rud a léiríonn saintraidisiún an cheantair. Mar a dúirt freagraí amháin: 'Speaking Irish is not a republican thing to do, it's an Ulster thing to do, and to speak in the Ulster language and to speak Gaelic in Ulster is a thing that Ulstermen should do. I'd like to see them all speaking in Irish'.

Deir McCoy gur tháinig lúcháir ar mhórán Protastúnach nuair a thosaigh siad ag foghlaim Gaeilge ach go raibh díomá orthu freisin nár insíodh dóibh faoin teanga roimhe sin. Is minic a dúirt céimithe leis go ndéanfaidís staidéar ar Ghaeilge san ollscoil dá mbeadh breis eolais acu ar ghnóthaí na teanga. Bhí díomá ar na foghlaimeoirí go léir beagnach nach raibh faill acu leis an teanga a fhoghlaim ar scoil.

Ba dheacair d'fhoghlaimeoir amháin an teanga a shamhlú lena cultúr féin:

When I had finished interviewing this learner, I attempted to demonstrate to her that there was a tradition of Protestant Irish speakers. I did this by showing her a Protestant translation of the New Testament into Irish, whereupon she became tremendously excited, exclaiming, 'Why did no-one show me this before? Why did no-one tell me about this?'

Is minic a mhothaigh na Protastúnaigh seo go raibh difríocht éigin idir iad agus Caitlicigh, ach is minic freisin a a bhí an teanga féin in ann an bhearna pholaitiúil agus chreidimh a shárú agus bhuanachaidreamh a chur ar bun. Bhí difríocht, áfach, idir dearcadh na bhfoghlaimeoirí Protastúnacha meánaicmeacha agus dearcadh na bProtastúnach ó cheantair lucht oibre ag an am. D'ainneoin na dTrioblóidí, bhíodh an tsíocháin i réim i gceantair mheánaicmeacha; bhí foghlaimeoiri ó na ceantair sin i gcoinne an fhóréigin (díreach ar nós Caitlicigh mheánaicmeacha); déarfaidís leat go raibh siad liobrálach agus neamhchlaonta i gcúrsaí creidimh, agus ní raibh drogall orthu a spéis sa teanga a chur in iúl do na comharsana. Ach bhí foghlaimeoirí ó cheantair lucht oibre i bhfad níos faichillí faoi aird an phobail a tharraingt orthu féin agus tuairim choitianta ann gur theanga Phoblachtach í an Ghaeilge. (D'admháil McCoy féin in agallamh nach mbíodh deifir air a shuim sa Ghaeilge a chur in iúl ar eagla go mbainfeadh daoine áirithe an chiall chontrálte as an scéal.⁵)

³ 'Smaoineamh ar Ghaelscoil i gceantar Dílseachta,' Colm Ó Broin, *Gaelscéal*, 28 Samhain 2012.

⁴ McCoy, Gordon. 'Protestant Learners of Irish in Northern Ireland' in *The Irish Language in Northern Ireland*, eag. Aodán Mac Póilin. Ulster Trust 1997: <http://cain.ulst.ac.uk/issues/language/mccoy97.htm>.

⁵ Féach *Inside Europe*: <http://www.dw.de/northern-ireland-irish-speakers-push-for-language-rights/a-2798272>.

Shíl foghlaimeoirí Protastúnacha de gach saghas gur rud príobháideach í foghlaim na Gaeilge agus níor mhaith leo an teanga a bheith ar taispeáint go poiblí (ar chomharthaí dátheangacha, mar shampla). Ach ba bhreá le móran acu an ghaelscolaíocht agus cláir Ghaeilge a bheith ann ar an raidió nó ar an teilihís; agus ba mhinic an-sorú á chur acu i bpáistí a raibh Gaeilge acu.

Tá cuntas níos déanaí ar an scéal seo ó lámh Ian Malcolm, Gaeilgeoir, Protastúnach agus Aontachtach, ina leabhar *Towards Inclusion: Protestants and the Irish Language* (2009).⁶ Rinne Malcolm miontaighde i measc Protastúnach óg, agus in alt dá chuid faoin scéal sa *Belfast Telegraph*⁷ deir sé gur shíl beagnach gach freagraí gur cheart deis a thabhairt do Phrotastúnaigh an teanga a fhoghlaim – ach mar ábhar roghnach amháin. Is mó an bhá a bhí ag na freagraithe ab óige leis an teanga ná mar a bhí ag daoine nach raibh ach beagán níos sine (an ‘Children of the Ceasefire factor’). Agus tá scéal maith aige faoi dhearcadh an tseandreama i leith a staire féin:

Many years ago a unionist councillor, renowned for his determination to stop the evil republican octopus spreading its foul tentacles over the six, sweet counties of Northern Ireland, bristled when the matter was raised in his council. He proudly proclaimed ‘Over my dead body will they translate Drumnahuncheon into Irish’.

Tá Droim na bhFuinseann ann go fóill, agus Protastúnaigh ann arís atá sásta é a rá i nGaeilge.

◆◆◆◆◆

Féach freisin ‘A History of Protestant Irish Speakers’ ó lámh Gordon McCoy faoi choimirce Iontaobhas Ultach (www.ultach.org):

<http://www.ultach.dsl.pipex.com/ForLearners/A%20history%20of%20Protestant%20Irish%20speakers.pdf>

◆◆◆◆◆

Scannáin fainseise de chuid TG4: ‘No Rootless Colonists: Na Gaeil-Phrotastúnaigh’:

1. <http://www.youtube.com/watch?v=cCDyCiikEjc&feature=gv>
2. http://www.youtube.com/watch?NR=1&v=i-b_VICYfyE&feature=endscreen

◆◆◆◆◆◆◆◆◆◆

Leabhar Iób: Caibidil XLI

Idir an 4ú haois agus an 6ú haois R.Ch a cumadh Leabhar Iób, más fíor: ceann de na leabhair is cáiliúla den Bhíobla Naofa. Cailleann Iób gach a bhfuil ina sheilbh aige cé gur fear neamhchiontaí é; éilíonn sé ar Dhia faoi, agus cuireann Dia i gcuimhne dó gurb eisean, Dia féin, an Cruthaitheoir, agus go bhfuil gach rud faoina smacht, fiú an mhíl mhóir, Leiviatan, nach bhfuil aon ainmhí níos toirtíúla ná níos láidre ná é. Tá an chaibidil úd ar na cinn is fileata agus is uaisle friotal sa Sean-Tiomna, agus is cuid suntais, mar sin, an leagan Gaeilge.

Thíos anseo tá an caibidil atá i gceist agus í tógha ó Shean-Tiomna an Bhíobla Naofa a aistríodh faoi choimirce an Dochtúra Uilliam Bedell (Protastúnach dílis) agus a foilsíodh sa bhliain 1685, cúig bliana is daichead tar éis gur críochnaíodh an saothar. Rinneadh nuachóiriú éigin ar an litriú anseo ach coinníodh cora cainte agus gramadach an bhunleagain. Níl an bunlitríú féin de réir a chéile ar fad.

* Is ionann *re* agus *le*; féach *ris* (*leis*), *riot* (*leat*).

* *Do ní = déanann, do chí = feiceann; do bheir = tugann.*

* Is ionann *táid agus tá siad, ceangláid agus ceanglaíonn siad, roinnfid siad agus roinnfidh siad.*

* Coinníodh an tabharthach trí síos; féach, mar shampla, na foircinn iolra -ibh, -ibh.

⁶ Malcolm, Ian. *Towards Inclusion: Protestants and the Irish Language*. Blackstaff Press 2009.

⁷ <http://www.belfasttelegraph.co.uk/opinion/do-protestants-really-think-the-irish-language-is-not-for-them-14437275.html>

Ar mhaite le comparáid a dhéanamh, tá an sliocht céanna as Bíobla Rí Séamas (1611) le fáil faoi bhun na Gaeilge.

An Bíobla Naomhtha: Leabhar Iób, Caibidil XLI

- 1 An bhféadann tú Leiviatan do tharraingt amach le duán? nó a theanga le córda a ligeas tú síos?
- 2 An bhféadann tú duán do chur ina shrón? nó a ghiall do tholladh tríd le dealg?
- 3 An ndéanfaidh sé móran gearán riota? an labhróidh sé briathra míne riot?
- 4 An ndéanfaidh sé conradh riot? an nglacfaidh tú mar sheirbhíseach go bráth é?
- 5 An ndéanfaidh tú súgradh ris amhail éan? an gceanglóidh tú é do do chailíníbh?
- 6 An ndéanfaid na compánaigh fleá de? an roinntid siad é i measc na gceannaithe?
- 7 An bhféadann tú a chraiceann do líonadh d'iarannaibh corránacha? nó a cheann le treánnáibh éisc?
- 8 Leag do lámh air, cuimhnigh an cath, ná déan ní sa mhó.
- 9 Féach, is díomhaoin a dhóchas-san : nach dteilgfear duine síos lena radharc amháin?
- 10 Níl aon chomhbhorb sin dá ligean a n-eagla a chorrú suas : maise mar sin cé fhéadas seasamh ar m'aghaidhse?
- 11 Cé chuidigh liom, as a dtabhrainn leasú dó? Cibé ar bith atá faoi neamh is liomsa é.
- 12 Ní cheilfidh mé a chodanna, nó a neart, nó a dhealbh sciamhach.
- 13 Cé fhéadas aghaidh a éadaigh d'fhoilsiú? nó cé fhéadas teacht chuige lena shrian dúbailte?
- 14 Cé fhéadas doirse a aighthe d'oscailt? Táid a fhiacula uafásach timpeall fá gcuairt.
- 15 Is iad a lanna a ríméad, iata suas re chéile le séala daingean.
- 16 Tá gach aon díobh an cóngar sin dá chéile, nach bhféadann aer ar bith teacht eatarthu.
- 17 Táid arna gcur i gceann a chéile, ceanglaíd dá chéile, nach féidir a n-idirdhealú.
- 18 Lena shéatraigh soilsíonn solas agus táid a shúile cosúil le fordhubhaibh súl na maidine.
- 19 Amach as a bhéal théid tóirsí lasúla, agus lingid drithleanna tine amach.
- 20 Amach as a pholláiríbh théid deatach, mar do rachadh as pota fiuchaigh nó as oigheann.
- 21 Deargaíonn a anáil sméaróidí agus téid lasair amach as a bhéal.
- 22 Comhnaíonn neart ina mhuineál, agus filltear dóbrón 'na gháirdeachas dá láthair.
- 23 Táid sleanntach a fheola comhcheangailte dá chéile : táid daingean iontu féin ; ní féidir a gcorrú.
- 24 Tá a chroí comhchrua re cloich ; fós, comhchrua re cuid do chloich íochtaír muilinn.
- 25 Nuair a thógas sé é féin súas, bíd na neartmhair eaglach : ar eagla brisigh glanaid iad féin.
- 26 Cláiomh an té a bhuaileas air sin ní fhéadann seasamh : an gath, an bhonsach, ní an t-uchtéadach.
- 27 Measann sé an t-iarrann mar thuí, agus an prás mar chonnadh chrón.
- 28 Ní fhéadann an tsraighead a chur d'fhiachaibh air teitheadh : iompaítear leis clocha an chrann-tabhail i gconlach.
- 29 Measann sé na gaotha mar chonlach : do ní gáire faoi chroitheadh an gha.
- 30 Táid clocha ghéara faoi : leathnaíonn sé nithe géara ar an lathaigh.
- 31 Do bheir sé ar an aigéan fiuchadh do nós an photá : do ní sé an fharraige do nós pota an phoitigéara.
- 32 Do ní sé an tslí sofheicthe 'na dhiaidh ; do shilfeadh neach an t-aigéan do bheith líath.
- 33 Níl a leithéid ar an dtalamh, do rinneadh gan eagla.
- 34 Do chí sé an uile ní ard : tá sé 'na rígh os cionn uile chlainne an uabhair.

King James Version

^{41:1}Canst thou draw out leviathan with an hook? or his tongue with a cord which thou lettest down? ^{41:2}Canst thou put an hook into his nose? or bore his jaw through with a thorn? ^{41:3}Will he make many supplications unto thee? will he speak soft words unto thee? ^{41:4}Will he make a covenant with thee? wilt thou take him for a servant for ever? ^{41:5}Wilt thou play with him as with a bird? or wilt thou bind him for thy maidens? ^{41:6}Shall the companions make a banquet of him? shall they part him among the merchants? ^{41:7}Canst thou fill his skin with barbed irons? or his head with fish spears? ^{41:8}Lay thine hand upon him, remember the battle, do no more. ^{41:9}Behold, the hope of him is in vain: shall not one be cast down even at the sight of him? ^{41:10}None is so fierce that dare stir him up: who then is able to stand before me? ^{41:11}Who hath prevented me, that I should repay him? whatsoever is under the whole heaven is mine. ^{41:12}I will not conceal his parts, nor his power, nor his comely proportion. ^{41:13}Who can discover the face of his garment? or who can come to him with his double bridle? ^{41:14}Who can open the doors of his face? his teeth are terrible round about. ^{41:15}His scales are his pride, shut up together as with a close seal. ^{41:16}One is so near to another, that no air can come between them. ^{41:17}They are joined one to another, they stick together, that they cannot

be sundered. ^{41:18}By his neesings a light doth shine, and his eyes are like the eyelids of the morning. ^{41:19}Out of his mouth go burning lamps, and sparks of fire leap out. ^{41:20}Out of his nostrils goeth smoke, as out of a seething pot or caldron. ^{41:21}His breath kindleth coals, and a flame goeth out of his mouth. ^{41:22}In his neck remaineth strength, and sorrow is turned into joy before him. ^{41:23}The flakes of his flesh are joined together: they are firm in themselves; they cannot be moved. ^{41:24}His heart is as firm as a stone; yea, as hard as a piece of the nether millstone. ^{41:25}When he raiseth up himself, the mighty are afraid: by reason of breakings they purify themselves. ^{41:26}The sword of him that layeth at him cannot hold: the spear, the dart, nor the habergeon. ^{41:27}He esteemeth iron as straw, and brass as rotten wood. ^{41:28}The arrow cannot make him flee: slingstones are turned with him into stubble. ^{41:29}Darts are counted as stubble: he laugheth at the shaking of a spear. ^{41:30}Sharp stones are under him: he spreadeth sharp pointed things upon the mire. ^{41:31}He maketh the deep to boil like a pot: he maketh the sea like a pot of ointment. ^{41:32}He maketh a path to shine after him; one would think the deep to be hoary. ^{41:33}Upon earth there is not his like, who is made without fear. ^{41:34}He beholdeth all high things: he is a king over all the children of pride.

An Bíobla Naomhtha; ann a bhfuilid an Sean Tiomadhl; ar na tharruинг go firinneach as a nEabhra Ughdarrach. Ris an tAthair Ro Onorach a nDia Uilliam Bhedel, Easpug Chille Moire
http://books.google.ie/books?id=z5sOAAAAQAAJ&dq=%22Biobla+Naomhtha%22&printsec=fro_ntcover&source=bl&ots=rP9qdClg6D&sig=n3xAE1w59OvwEcYbbkRxwrmEO_g&hl=en&ei=YMj2SeTSH8ahjAf6rvDPDA&sa=X&oi=book_result&ct=result&resnum=1#v=onepage&q&f=false

♦♦♦

Sliocht eile as an mbÍobla Naofa agus baint aige leis an Nollaig: Lúcas, Caibidil II, 7-20. Nuachóiríodh an litriú beagán ach coinníodh an seanfhriotal agus an tseanghramadach – an tabharthach (*i* gioblaibh, *i* gcathraigh Dháibhí), *re* in áit *le*, agus úsáid an bhriathair iolra le hainmní iolra (*do bhíodar aoirí* in áit *bhí aoirí*).

7 Agus rug sí mac a céad duine clainne, agus do chuir sí globail cheangail ina thimpeall, agus do chuir sí ina luí i mainséar é; de bhí nach raibh áit acu sa tigh ósta.
 8 Agus do bhíodar aoirí sa dúiche sin ina gconaí amuigh, agus ag déanamh faire oiche ar a dtréad.
 9 Agus, féach, do sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus do shoilsigh glórí an Tiarna ina dtimpeall: agus do ghabh eagla mhór iad.
 10 Agus dùirt an t-aingeal riú, Ná biódh eagla oraibh: óir, féach, táim ag soiscéalaibh dhíbh gáirdeachas móir, a bheas do gach uile phobal.

11 Óir rugadh an Slánaitheoir dhaobh inniu, (eadhon Criost an Tiarna) i gcathraigh Dháibhí.
 12 Agus ag so comhartha dhíbh; Do gheobhfar an leanbh ceangailte i ngioblaibh, ina luí i mainséar.
 13 Agus do bhí go hobann cuideachta mhór de shlua neamhdha i bhfochair an aingil ag moladh Dé, agus ag rá,
 14 Glórí do Dhia ann sna hardaibh, agus siocháin ar an dtalamh, dea-thoil do na daoinibh.
 15 Agus tharla, mar d'imíodar na haingil uatha ar neamh, go ndúradar na haoirí re chéile, Imímis anois don Bhetléem, agus

féachaimis an ní seo do rinneadh, d'fhoilsigh an Tiarna dhúinn.
16 Agus thángadar go deithneasach, agus fuaradar Muire agus Ióseph, agus an naoi ina luí i mainséar.
17 Agus an tráth do chonnacadar sin, do aithriseadar an ní a dúradh riú timpeall an linbh sin.

18 Agus na huile dhaoine dá gcuala so do ghabh iontas iad fá na nithibh a dúradar na haoirí riú.
19 Ach do thaiscigh Muire na briathra so uile, dá mbreathnú ina croí.
20 Agus d'fhilleadar na haoirí, ag tabhairt glóire agus ag moladh Dé trí gach ní dá gcúaladar agus dá bhfacadar, mar a dúradh riú.



An tSín agus an timpeallacht réigiúnda

An tSín - a geilleagar ag borradh, a neart á chruinniú, éileamh aici anois ar an áit is cuí di (dar léi) i measc náisiúin an domhain. Tráth den saol ba é an dul chun cinn an rud ba thábhachtaí ar fad; anois tá i bhfad níos mó airde á tabhairt ar chúrsaí timpeallachta. Mar atá an scéal i dtír ar bith eile, áfach, níor sáraíodh an tsaint agus an míchúram sna gnótháí sin, agus an domhan go léir atá thíos leis sa chás seo.

Comharsa leis an tSín is ea Burma: tá dúil ag lucht gnó na Síne sna mianraí atá ann agus tá dúil ag rialtas Bhurma sa bhrabach. Is gearr ó rinneadh ionsaí fíochmhar ar agóidithe a bhí ag cur i gcoinne mianach copair i sléibhte Letpadaung. Comhfiontar atá ann idir comhlacht Síneach Wan Bao agus Union of Myanmar Economic Holdings Ltd, comhlacht de chuid Arm Bhurma. Tá agóidithe ag cur brú ar an bhfiontar ó Mhí na Lúnasa i leith tar éis gur chuir os cionn 300 duine ó dhá shráidbhaile dhéag ina choinne de bharr truailliú, coigisiú talún agus athlónnú éigeantais.

Ní raibh súil ag na hagóidithe (agus a lán manach ina measc) le hionsaí chomh garbh sin. Bhain na pólíní feidhm as deorghás, gunnáí uisce agus gairis loiscneacha, agus gortaíodh seacht manach déag ar a laghad. Dúirt manach amháin go raibh na hagóidithe ina gcodladh nuair a lasadh na tinte. Rinneadh roinnt agóidithe agus seisear manach ina measc a ghabháil, a bhualadh agus a thabhairt go dtí áit éigin anaithnid.

Tráchtáil neamhdhlíthiúil adhmaid an rud eile a bhaineann go dlúth leis an tSín, más fíor do thuarascáil de chuid an Environmental Investigation Agency (EIA) (www.eia-international.org). Is í an tSín an t-iomportálaí adhmaid is mó ar domhan. Ní féidir anois an t-adhmad a sholáthar taobh istigh den tSín féin, mar tá srian curtha leis an logánaíocht ann; ach caithfear an t-adhmad a fháil.

Tá na foraoisí á gcreachadh ag comhlachtaí Síneacha i mBurma, i Laos, in Oileáin Sholomón agus i Mósaimbíc. I dtíortha éigin tá gníomhairí Síneacha ag íoc breabanna agus i mbun smuigléireachta. Ceannaítear feidhmeannaigh áitiúla agus baintear buntáiste as an míriar áitiúil. Tá slad déanta ar fhioraoisí Bhurma ach (aisteach le rá) tá caoi measartha maith ar na foraoisí ar an taobh Síneach den teorainn. Dúradh le taighdeoirí EIA sa tSín gur chuma leis na húdaráis faoin trádáil neamhdhlíthiúil ach dleachtanna iomportála a beith iofcha.

Is minic an milleán á chur ar an tSín faoin gcuid is mó den astú uafásach dé-ocsáid charbóin, rud ar féidir leis (más fíor an scéala is déanaí) os cionn trí chéim a chur le meánteocht an domhain faoi dheireadh na haoise seo. Ní mór a chuimhneamh go bhfuil an t-athfhioraoisiú faoi lán seoil sa tSín, an chaoi is fearr chun an t-astú úd a mhaolú; agus is lú go mór an t-astú de réir an duine sa tSín ná, mar shampla, san Astráil. Is léir, áfach, go bhfuil bunús leis an milleán, díreach toisc go bhfuil daonra na tíre chomh mór sin.

Tá dlúthbhaint ag an astú úd leis an tubaiste is déanaí atá á bagairt orainn - an choscairt atá ag teacht ar an talamh síorshiocha i dtuaisceart an domhain. Talamh síorshiocha is ea an cheathrú cuid den leathsféar tuaisceartach, a bheag nó a mhór, agus meastar go bhfuil a dhá oiread carbóin i dtaisce ann is atá san atmaisféar féin faoi láthair. Tá an talamh sin lán d'ábhar orgánach, ábhar a d'fhéadfadh an t-uafás dé-ocsaíd charbóin nó meiteáin a ligean uaidh de bharr na coscartha. (Bitheoga áirithe a dhéanann meiteáin agus iad ag briseadh anuas ábhar leáite.) Bíonn meiteáin seacht n-uaire déag níos láidre ná dé-ocsaíd charbóin go ceann fiche bliain, agus is dócha gur san Artach is soiléire agus is luaithe a fheicfear toradh an athrach aeráide.

Ní cóir ceann crústa a dhéanamh den tSín amháin maidir le drochscéalta timpeallachta; ach tá sí ag borradh, agus ní fhéadann an borradh sin gan a rian a fhágáil ar an aer, ar an talamh agus ar an uisce. Is é an duine féin díothú a chine.

Féach

<http://www.irrawaddy.org/archives/20111>

<http://www.irrawaddy.org/archives/20165>

<http://www.abc.net.au/news/2012-11-28/un-warns-permafrost-is-melting/4396340>

♦♦♦♦♦♦♦♦

Nollaig faoi shéan daoibh agus Bliain Úr faoi bhláth.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun
rianach@optusnet.com.au.

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to
rianach@optusnet.com.au.*

Leaganacha simplithe

Protastúnaigh agus an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann

Ba mhaith le grúpa pobail i gceantar Dílseachta i mbéal Feirste naísccoil nó bunscoil lán-Ghaeilge a chur ar bun. Is fada atá dúil ag roinnt Protastúnach i dTuaisceart Éireann sa teanga: tá cuid acu líofa agus tá cuid eile ina bhfoghlaimeoirí.

Ar na Protastúnaigh sin tá Gordon McCoy, scoláire a chuir agallamh ar mhórán Protastúnach a bhí ag foghlaim Gaeilge i dTuaisceart Éireann sna náchaidí. Bhí cuid mhór acu ina náisiúnaithe agus cuid eile ina n-Aontachtaithe.

Níor thuig na náisiúnaithe Protastúnacha conas ab fhéidir Gaeilge a fhoghlaim agus fanacht dílis don Choróin. B'Aontachtaithe iad a lán foghlameoirí Protastúnacha eile; agus is minic a bhí siad idir dhá chomhairle faoin teanga. Réitigh siad an scéal sin trí féiniúlacht chultúrtha a chur in iúl⁸ tríd an nGaeilge, gan bacadh leis an polaitiocht.

Tháinig lúcháir ar mhórán Protastúnach nuair a thosaigh siad ag foghlaim Gaeilge, agus bhí diomá orthu nár insíodh dóibh faoin teanga roimhe sin.

Is minic a bhí an teanga féin in ann caidreamh a chur ar bun idir Caitliceach agus Protastúnaigh. Bhí difríocht, áfach, idir dearcadh na bhfoghlaimeoirí meánaicmeacha agus dearcadh na bProtastúnach ó cheantair lucht oibre. Níor mhaith leis an gcéad dream an foréigean, agus ní raibh drogall orthu a spéis sa teanga a chur in iúl. Ach bhí foghlameoirí ó cheantair lucht oibre i bhfad níos faichilli,⁹ toisc gur shíl an oiread sin daoine ann gur theanga Phoblachtach í an Ghaeilge.

Shíl foghlameoirí Protastúnacha gur rud priobháideach í foghlaim na Gaeilge. Ach ba mhaith le mórán acu an ghaelscolaíocht agus cláir Ghaeilge ar an raidió nó ar an teilifís.

Tá taighde eile déanta ag Ian Malcolm, Gaeilgeoir, Protastúnach agus Aontachtaí, ar dhearcadh Protastúnach óg i leith na teanga. Shíl beagnach gach duine acu gur cheart deis a thabhairt do Phrotastúnaigh an teanga a fhoghlaim – ach mar ábhar roghnach amháin..

An tSín agus an timpeallacht réigiúnda

Tá geilleagar na Síne ag borradh gan stad. Is maith an rud é sin ar bhealach amháin, ach tá drochrian fágtha ag an mborradh sin ar a lán tíortha eile..

I mburma, mar shampla, tá mianach copair i sléibhte Letpadaung. Comhfhiontar¹⁰ atá ann idir Wan Bao (comhlacht Sineach) agus Union of Myanmar Economic Holdings Ltd, comhlacht de chuid Arm Bhurma. Tá agóidithe ag cur i gcoinne an mhianaigh de bharr truaillíú, coigistíú talún agus athlonnú éigeantais.¹¹ Tá mórán manach i measc na n-agóidithe. D'ionsaigh na pojliní go dian iad.

Tá srian curtha leis an logánaiocht¹² sa tSín de bharr an dochair a bhí á dhéanamh don timpeallacht. Ach caithfear an t-adhmaid a fháil, agus tá crainn a leagan ag comhlachtaí Sineacha i mburma, i Laos, in Oileáin Sholomón agus i Mósaimbic. Tá foraoisí luachmhara á scrios dá bharr, agus is minic breabanna á n-íoc.

⁸ Trí féiniúlacht chultúrtha a chur in iúl – by expressing cultural identity

⁹ Níos faichillí – more cautious

¹⁰ Comhfhiontar – joint venture

¹¹ Athlonnú éigeantais – forced relocation

¹² Logánaiocht - logging

Tá an t-athfhoraoisiú faoi lán seoil sa tSín - an chaoi is fearr chun astú na dé-ocsaide carbóin (gás ceaptha teasa¹³) a laghdú. Ach is í an tSín is mó atá ag scaoileadh dé-ocsáid charbóin amach san atmaisféar. Is lú na hastúcháin¹⁴ a dhéantar de réir an duine¹⁵ sa tSín ná san Iarthar, ach is é daonra mór na Síne is mó is cúis leis an dochar. Tá baint aige seo, ar ndóigh, le tubaiste nua - talamh síorshiocha¹⁶ an tuaiscirt a bheith ag leá. Is dóigh leis na heolaithe go scaoilfear an t-uafás carbóin agus meiteáin amach dá bharr. Tá an meiteán níos contúirtí ná an dé-ocsaid charbóin sa ghearrthéarma.

¹³ Gás ceaptha teasa – greenhouse gas

¹⁴ Astúcháin - emissions

¹⁵ De réir an duine – per person

¹⁶ Talamh síorshiocha - permafrost